

Stad agus Breac



Tugann an straitéis seo deis do na scoláirí freagra a thabhairt ar cheisteanna i scríbhinn. Nuair a iarrtar ar **scoláirí smaoineamh** agus **scríobh faoina** bhfuil á fhoghlaim acu, cuireann sé sin le cuimhne a choimeád ar eolas agus lena thuiscint.

Cabhraíonn na le ciall a bhaint as an méid atá á fhoghlaim ag scoláirí roimh bhogadh ar aghaidh sa cheacht .

- Iarr ar na scoláirí an teideal “Stad-Bhosca” a chur ar leathanach ina gcóipleabhair.
- Ar a laghad uair amháin le linn an cheachta, stad agus cuir ceist tábhachtach go gcuirfidh na scoláirí a bhfreagraí ina “Stad-Bhoscaí”.
- Iarr ar na scoláirí freagra nó dhó a roinnt leis an rang.
- Is féidir na boscaí seo a úsáid freisin mar áis staidéir níos faide ar aghaidh, ag leagan béime ar eolas tábhachtach faoin topaic.


Leideanna

- Gluais timpeall agus na scoláirí ag scríobh chun a chinntiú go mbíonn a n-aird dírithe ar an tasc.
- Cuir a gcuid freagraí i gcomparáid lena bhfuil tú ag teagasc.
- Is féidir Stad agus Breac a úsáid *roimh* ábhar nua a chur i láthair chun réamheolas a spreagadh, *le linn* an cheachta chun ciall a dhéanamh d’ábhar nua agus tuiscint a sheiceáil, agus i ndiaidh an cheachta chun deireadh a chur leis, agus tuiscint a sheiceáil agus shoiléiriú.



Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ A bheith liteartha
- ▶ A bheith cruthaitheach

Acmhainní

- ▶ Peann
- ▶ Cóipleabhar

Leagan amach an tseomra

Níl gá le leagan amach ar leith a bheith ann.

Measúnú

Seiceáil le haghaidh tuisciana trí fhreagraí na scoláirí a léamh agus tú ag bogadh timpeall an tseomra.

Tacú le hobair bhaile

Ligeann Stad agus Breac do mhúinteoirí béim a leagadh ar na gnéithe is tábhachtaí i dtopaic ar féidir tógáil orthu san obair baile.

An tsraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers